2021. M88 2021L001B1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021***

# *Gaeilge*
# *Bonnleibhéal*

**Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga**
315 MARC

**Dé Luain**
**14 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CLUASTUISCINT | |
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-5) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |


Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén uirlis cheoil a sheinneann Micheál le cór na scoile?







**Ceist 1 (b)** Cad a chum Micheál don amhrán?

| | |
|---|---|
| An ceol | |
| An físeán | |
| Na liricí | |

**Ceist 2 (a)** Cá bhfuil Deirdre ag obair faoi láthair?








**Ceist 2 (b)** Cathain a thug Deirdre cuairt ar Bhrú na Bóinne?

| | |
|---|---|
| I mí an Mheithimh | |
| I mí Iúil | |
| I mí Lúnasa | |


**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil Teach Lóistín na Mara? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Ceist 5 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann don chluiche mór iománaíochta i bPáirc an Chrócaigh?



**Ceist 5 (b)** Cén teocht is ísle a bheidh ann oíche amárach?

| | |
|---|---|
| 5 chéim Celsius | |
| 7 gcéim Celsius | |
| 16 chéim Celsius | |

**Ceist 6 (a)** Cad a chaill Dónall?

| | |
|---|---|
| Eochair an tí | |
| An fón | |
| A mhála spóirt | |

**Ceist 6 (b)** Cén fáth nach bhfuil fonn ar Nuala an doras a oscailt?

| | |
|---|---|
| Tá sí préachta leis an bhfuacht | |
| Níl aon chóta aici | |
| Tá sí breá compordach ina leaba | |

**Ceist 7 (a)** Cén chéad rogha a chuir Diarmaid síos ar fhoirm an CAO i mí Eanáir?

| | |
|---|---|
| Cúrsa Spáinnise | |
| Cúrsa Gnó | |
| Cúrsa Margaíochta | |

**Ceist 7 (b)** Cad a chuir Síle i láthair ar raidió na scoile nuair a bhí sí san Idirbhliain?

| | |
|---|---|
| Clár ceoil | |
| Cuntais ar imeachtaí spóirt | |
| Dráma | |

**Ceist 8 (a)** Cá raibh Cathal agus a dheartháir Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Ar an trá | |
| Ag féile cheoil | |
| Ag siúl sna sléibhte | |

**Ceist 8 (b)** Cad a dhéanann dochar do na héisc sna farraigí?

| | |
|---|---|
| Na cannaí folmha | |
| Na boscaí bruscair | |
| An plaisteach | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | |
|---|---|
| 1. | **Comórtas Amhránaíochta**<br>Duaiseanna iontacha<br>do ghuthanna breátha |
| 2. | **Fáilte go hInis Mór**<br>Rothair ar cíos anseo<br>€10 in aghaidh an lae |
| 3. | **Meaisín Bainc**<br>Clúdaigh d'uimhir PIN<br>go cúramach |
| 4. | **Club Aclaíochta na Cathrach**<br>Ranganna, Gach Satharn<br>9.30 – 11.30 |
| 5. | **Coiste Glas na Scoile**<br>Sábháil leictreachas<br>Múch na soilse i do dhiaidh |
| 6. | **An Ciorcal Comhrá ar ceal anocht**<br>Níl an córas teasa ag obair<br>san fhoirgneamh |
| 7. | **Aonad Timpistí agus Éigeandála**<br>Ná páirceáil anseo |
| 8. | **Oifig rúnaí na scoile**<br>Brúigh an cloigín<br>Fan go nglaofar ort |
| 9. | **Seirbhís Pas**<br>Grianghraif do do phas ar fáil<br>anseo |
| 10. | **Ag pacáil málaí**<br>Ollmhargadh SuperValu<br>Bailiúchán do Focus Ireland |

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

Ionad Spóirt na Páirce,
An Uaimh,
Co. na Mí.
11 Meán Fómhair 2020

Áine Ní Mhurchú,
Ascaill Róis,
Dún Dealgan,
Co. Lú.

A Áine, a chara,
Go raibh maith agat as freastal ar agallamh le bainisteoir Ionad Spóirt na Páirce Dé Céadaoin seo caite, 9 Meán Fómhair.
D'éirigh go han-mhaith leat san agallamh. Is duine spórtúil thú. D'imir tú camógaíocht agus cispheil agus tú ar an meánscoil. Anois, imríonn tú peil na mban le do chlub áitiúil.

Tá dioplóma agat i gcúrsaí spóirt agus aclaíochta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Bhí tú i do bhall den chlub reathaíochta agus tú sa choláiste tríú leibhéal. I mí Iúil, d'oibrigh tú mar chóitseálaí ar champa spóirt do pháistí bunscoile. Dúirt tú leis an bpainéal san agallamh go bhfuil an snámh agat agus go bhfuil teastas agat sa tsábháilteacht uisce. Faoi láthair, tá tú ag obair sa linn snámha phoiblí i nDún Dealgan.

Ba mhaith le bainisteoir Ionad Spóirt na Páirce post a thairiscint duit mar chúntóir san ionad spóirt. Is post lánaimseartha é. Ar maidin, beidh tú ag obair sa halla aclaíochta agus taispeánfaidh tú do dhaoine conas na fearais a úsáid i gceart. I ndiaidh an lóin, múinfidh tú ranganna snámha. Anois is arís, beidh ort clár aclaíochta a chur le chéile do bhaill nua.

Tá gach eolas faoi Ionad Spóirt na Páirce mar aon le clár na n-imeachtaí a bhíonn ar siúl ann, ar fáil ar shuíomh gréasáin an ionaid ag www.isnp.ie. Tá súil againn go nglacfaidh tú leis an tairiscint seo. Iarrtar ort do fhreagra a chur ar an ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist post@bainisteoir.ie roimh mheán lae ar an 22 Meán Fómhair.
Is mise,
Sinéad Ní Néill,
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a d'fhreastail Áine ar an agallamh?

| | |
|---|---|
| 9 Meán Fómhair | |
| 11 Meán Fómhair | |
| 22 Meán Fómhair | |

**2.** Cén spórt a imríonn Áine lena club áitiúil anois?

| | |
|---|---|
| Cispheil | |
| Camógaíocht | |
| Peil na mban | |

**3.** Cá raibh Áine ag obair i mí Iúil?

| | |
|---|---|
| Sa chlub reathaíochta | |
| Ar champa spóirt | |
| Sa linn snámha phoiblí | |

**4.** Cad a thaispeánfaidh Áine do dhaoine sa halla aclaíochta ar maidin?

| | |
|---|---|
| Clár aclaíochta | |
| Conas na fearais a úsáid i gceart | |
| Snámh | |

**5.** Cad atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ionaid?

| | |
|---|---|
| Ríomhphost | |
| An tairiscint | |
| Clár na n-imeachtaí | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**Loch Garman**



Ag iarraidh éalú ó strus mór an tsaoil agus do scíth a ligean ar feadh tréimhse? Má tá, ná téigh thar lear go Meiriceá ná go dtí Mór-Roinn na hEorpa. Fan anseo in Éirinn agus tar go Contae Loch Garman. Tá Contae Loch Garman suite in oirdheisceart na hÉireann. Tá sé éasca taisteal sa charr ó Bhaile Átha Cliath ar an mbealach, an N11. Tagann busanna ó Phort Láirge, ó Luimneach agus ó Chorcaigh. Níl aon aerfort sa chontae ach tagann cuairteoirí ón bhFrainc isteach go calafort Ros Láir ar na báid farantóireachta.

Ní bheidh tú díomhaoin anseo i gContae Loch Garman. Má bhíonn an aimsir brothallach, caith cúpla lá ar na tránna breátha atá scaipthe ar feadh chósta an chontae. Tá clú agus cáil ar thrá Churrach Cló mar tá an trá le feiceáil i scannán Spielberg *Saving Private Ryan* agus sa scannán *Brooklyn.* Tá cosán siúlóide sna coillte in aice na trá. Bronnadh Bratach Ghorm ar an trá mar chomhartha go bhfuil an t-uisce san fharraige an-ghlan ann agus go bhfuil an trá saor ó bhruscar.

Caith lá spéisiúil sa Pháirc Náisiúnta Oidhreachta i gCaladh na Carraige. Feicfidh tú ionaid champála réamhstaire agus crannóga ansin. Tá cáil ar Shlabaí Loch Garman as na géanna fiáine a chaitheann an geimhreadh ann. Tabhair cuairt ar Theach Solais Rinn Duáin, ceann de na tithe solais is sine ar domhan.

Bíonn féilte scríbhneoireachta, ceoil agus ealaíne ar siúl le linn na bliana in ionaid éagsúla ar fud an chontae. Bíonn féile cheoldrámaíochta ar siúl i mbaile Loch Garman i mí Dheireadh Fómhair gach bliain. Tagann na sluaite daoine chuig Áras na Ceoldrámaíochta agus baineann siad taitneamh as na ceoldrámaí a chuirtear ar an stáitse.

*Tá saoire den scoth romhat am ar bith den bhliain i gContae Loch Garman.*

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Contae Loch Garman suite?

| | |
|---|---|
| Ar Mhór-Roinn na hEorpa | |
| In oirdheisceart na hÉireann | |
| I Meiriceá | |

**2.** Conas a thagann cuairteoirí ón bhFrainc go calafort Ros Láir?

| | |
|---|---|
| Ar na báid farantóireachta | |
| Ar eitleán | |
| Ar bhusanna | |

**3.** Cad a bronnadh ar thrá Churrach Cló?

| | |
|---|---|
| Bruscar | |
| Bratach Ghorm | |
| Cosán siúlóide | |

**4.** Cá gcaitheann na géanna fiáine an geimhreadh?

| | |
|---|---|
| I dTeach Solais Rinn Duáin | |
| Sa Pháirc Náisiúnta Oidhreachta | |
| Ar Shlabaí Loch Garman | |

**5.** Cad a bhíonn ar siúl i mbaile Loch Garman i mí Dheireadh Fómhair gach bliain?

| | |
|---|---|
| Féile cheoldrámaíochta | |
| Féile scríbhneoireachta | |
| Féile ealaíne | |

**(c)** Léigh **an scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**Na Deirfiúracha Cliste**

Mí ó shin, chuaigh beirt deirfiúracha, Cáit agus Úna, amach ag siúl lena madra, Bran. Go tobann, tharraing Bran ar an iall agus thosaigh sé ag tochailt san fhéar ar thaobh an bhóthair. Chonaic Cáit pacáiste beag cosúil le clúdach litreach ar an talamh. Bhí sceitimíní uirthi mar ba léir di go raibh rud éigin istigh ann. Phioc sí suas é. Bhí scríbhinn ar an taobh amuigh de ach bhí an pacáiste fliuch agus ní raibh sí ábalta an scríbhinn a léamh. D'oscail sí an pacáiste. Bhí uaireadóir óir istigh ann. Bhí an t-ainm 'Áine' scríofa ar chúl an uaireadóra. 'Cad is cóir dúinn a dhéanamh?' arsa Cáit agus Úna le chéile. An t-uaireadóir a choimeád? É a thabhairt do na Gardaí? Iarracht a dhéanamh an t-úinéir a lorg? Sa deireadh, shocraigh siad iarracht a dhéanamh an t-úinéir a aimsiú. Shíl Úna gur chóir an scéal a scaipeadh ar a Leathanach Facebook ach bhí plean níos fearr ag Cáit. Chuir sí glaoch ar an stáisiún raidió áitiúil. D'inis sí dóibh cad a tharla. Cuireadh an scéala amach ar an raidió áitiúil an tráthnóna sin agus tugadh amach uimhir theileafóin Cháit.

Níos déanaí an tráthnóna céanna, fuair Cáit cúpla glaoch ach ní raibh aon duine in ann cur síos cruinn a dhéanamh ar an uaireadóir. Níor ghlaoigh aon duine in aon chor an lá dár gcionn. Tar éis cúpla lá, fuair Cáit glaoch ó bhean a bhí ábalta cur síos cruinn a dhéanamh ar an uaireadóir. Nuair a dúirt sí go raibh an t-ainm 'Áine' scríofa ar chúl an uaireadóra, bhí a fhios ag Cáit láithreach gur leis an bhean sin an t-uaireadóir. Mhínigh an bhean di gur chaill sí an pacáiste agus í ag rothaíocht isteach go dtí an baile mór. Bhí sí á thabhairt go dtí siopa seodóra chun é a ghlanadh agus a luach a chinntiú. Bhuail Cáit agus Úna leis an mbean i siopa caife an lá dár gcionn. Thug siad an pacáiste ar ais di. Bhí an bhean an-sásta. Ghabh sí buíochas leo as an bhfógra a chur amach ar an raidió áitiúil. Mhínigh sí dóibh nach raibh aon ríomhaire aici sa bhaile. Thug an bhean cárta buíochais do Cháit agus d'Úna. D'ól siad cupán caife le chéile. Bhí na cailíní bródúil as an rud a bhí déanta acu.

**Ceisteanna**

**1.** Cad a bhí taobh istigh den phacáiste?

| | |
|---|---|
| Scríbhinn | |
| Uaireadóir óir | |
| Féar | |

**2.** Cad a shocraigh na cailíní a dhéanamh leis an bpacáiste?

| | |
|---|---|
| É a thabhairt do na Gardaí | |
| É a choimeád | |
| An t-úinéir a aimsiú | |

**3.** Conas a cuireadh an scéala amach an tráthnóna sin?

| | |
|---|---|
| Ar an raidió áitiúil | |
| Ar Leathanach Facebook Cháit | |
| Ar Leathanach Facebook Úna | |

**4.** Cathain a tháinig an glaoch isteach ón mbean?

| | |
|---|---|
| An tráthnóna céanna | |
| An lá dár gcionn | |
| Tar éis cúpla lá | |

**5.** Cad a thug an bhean don bheirt chailíní?

| | |
|---|---|
| Pacáiste | |
| Cárta buíochais | |
| Ríomhaire | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Ar Stáitse an Domhain**



Tugtar ómós do laochra spóirt de gach cineál sa tír seo. Dhá bhliain ó shin, bhí an galfaire Shane Lowry i mbéal an phobail tar éis dó Craobh Oscailte Gailf na Breataine a bhuachan. Sa rámhaíocht bhí an tír ar fad bródúil as an rámhaí Sanita Puspure a bhuaigh Corn an Domhain dhá bhliain i ndiaidh a chéile. Ach tháinig laoch nua ar an bhfód anuraidh nuair a bhain an rothaí Sam Bennett cáil dhomhanda amach sa mhórchomórtas rothaíochta, an *Tour de France*. Cé gur rugadh Sam sa Bheilg, tógadh é i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Léirigh Sam scil iontach ar an rothar agus é fós ina dhéagóir. Nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois, chuaigh sé ag traenáil le club mór rothaíochta in Marseille.

Sa bhliain 2009, ghlac sé páirt i Rás Tailteann den chéad uair. Bhuaigh sé Craobh na hÉireann faoi 23 dhá bhliain as a chéile. Níorbh fhada gur tugadh faoi deara go raibh bua an luais aige. Chuaigh Sam leis an rothaíocht go gairmiúil sa bhliain 2014.

Ghlac sé páirt sa *Tour de France* den chéad uair sa bhliain 2015. Níor chríochnaigh sé an rás mar d'éirigh sé breoite. Bhí mí-ádh ar Sam arís sa rás sa bhliain 2016 nuair a bhris sé méara a lámh de bharr timpiste a tharla dó go luath sa rás. Ach lean sé air agus chríochnaigh sé san áit dheireanach. Bronnadh an Lóchrann Dearg air. Ach bhí brionglóid aige i gcónaí go mbeadh sé ar an gcéad duine thar an líne ar an Champs-Élysées i bPáras lá éigin. Sa bhliain 2020, rinne Sam gaisce sa *Tour de France*. Bhuaigh sé dhá chéim den rás. Bhuaigh sé an chéim dheireanach den rás ar an Champs-Élysées i bPáras agus bhuaigh sé an Geansaí Glas. Bhuaigh rothaí as an tSlóivéin an Geansaí Buí. Gan dabht, tá laoch spóirt eile ag Éirinn ar stáitse an domhain anois.

**Ceisteanna**

**1.** Cén spórt inar bhain Sam Bennett cáil amach?

| | |
|---|---|
| Rámhaíocht | |
| Galf | |
| Rothaíocht | |

**2.** Cén áit ar tógadh Sam Bennett?

| | |
|---|---|
| Sa Bheilg | |
| I gCarraig na Siúire | |
| In Marseille | |

**3.** Cén comórtas rothaíochta a bhuaigh Sam Bennett dhá bhliain as a chéile?

| | |
|---|---|
| An *Tour de France* | |
| Craobh na hÉireann faoi 23 | |
| Rás Tailteann | |

**4.** Cén mí-ádh a bhí ar Sam go luath sa *Tour de France* sa bhliain 2016?

______________________________________________________________________

**5.** Cén geansaí a bhuaigh Sam i bPáras in 2020?

| | |
|---|---|
| Geansaí Buí | |
| Geansaí Glas | |
| Geansaí Dearg | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**EPIC, Músaem Eisimirce na hÉireann**




Is iomaí áit i mBaile Átha Cliath a bhíonn cuairteoirí ag iarraidh a fheiceáil. Ina measc, tá Caisleán Bhaile Átha Cliath ar Shráid an Dáma agus Coláiste na Tríonóide ar Fhaiche an Choláiste. Ach tá músaem nua ag tarraingt cuairteoirí i mBaile Átha Cliath ó osclaíodh é sa bhliain 2016. EPIC, Músaem Eisimirce na hÉireann, a thugtar ar an músaem agus is i gCeantar na nDugaí atá sé suite.

Is músaem staire agus cultúir é EPIC, Músaem Eisimirce na hÉireann. Tá stair na himirce as Éirinn le míle cúig chéad bliain anuas le feiceáil sna taispeántais sna gailearaithe éagsúla. Fiche gailearaí atá ann. Insítear scéal níos mó ná trí chéad Éireannach sna taispeántais sa mhúsaem.

Tá cuntais ar fáil sna taispeántais ar na cúiseanna is mó leis an imirce as an tír seo. Chuaigh Éireannaigh thar lear ag obair mar mhisinéirí agus ag troid i gcogaí. D’fhág na céadta míle duine Éire de bharr an Ghorta Mhóir idir na blianta 1845 agus 1849. D’imigh Gaeil eile ar imirce ar thóir oibre nó chun an saol mór a fheiceáil.

Tugtar aitheantas do na hÉireannaigh a bhain clú agus cáil amach mar eolaithe, mar dhochtúirí, mar scríbhneoirí agus mar aisteoirí. Ní ligtear an gnáthdhuine i ndearmad, áfach, ná na daoine a tharraing míchlú orthu féin i dtíortha eile.

Is músaem digiteach é seo. Tá an teicneolaíocht is déanaí in úsáid sna gailearaithe sa mhúsaem. Úsáidtear na meáin idirghníomhacha chun an cuairteoir a chur i ról lárnach i ngach gailearaí. Ní gá don chuairteoir ach a mhéar a chur ar an scáileán chun teacht ar léirithe idirghníomhacha, ar fhíseáin agus ar phíosaí fuaime. Bíonn guthanna aisteoirí le cloisteáil ag insint scéalta ón am atá thart. Tá cóipeanna de litreacha a sheol Gaeil abhaile chuig a ngaolta ar taispeáint sa mhúsaem.

Faigheann gach cuairteoir pas ag dul isteach sa mhúsaem. Is gá don chuairteoir clárú isteach i ngach gailearaí. Faoi dheireadh, tá aitheantas ceart faighte ag na Gaeil a d’imigh ar imirce gan filleadh.

**Ceisteanna**

**1.** Cén áit i mBaile Átha Cliath a bhfuil EPIC, Músaem Eisimirce na hÉireann?

| | |
|---|---|
| Ar Fhaiche an Choláiste | |
| Ar Shráid an Dáma | |
| I gCeantar na nDugaí | |

**2.** Cé mhéad gailearaí atá sa mhúsaem?

| | |
|---|---|
| 20 | |
| 300 | |
| 500 | |

**3.** Cén fáth ar fhág na céadta míle duine Éire idir na blianta 1845 agus 1849?

| | |
|---|---|
| Mar mhisinéirí | |
| De bharr an Ghorta Mhóir | |
| Chun dul ag troid i gcogaí | |

**4.** Cad a úsáidtear chun an cuairteoir a chur i ról lárnach i ngach gailearaí?

| | |
|---|---|
| Aisteoirí | |
| Na meáin idirghníomhacha | |
| Litreacha | |

**5.** Cad is gá don chuairteoir a dhéanamh i ngach gailearaí?

___________________________________________

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## Cuairt ar an Áiléar

Dhreap mé suas an dréimire lá,
Ón urlár go dtí áiléar an tí,
D'fhág mé slán leis an saol mar atá
Is thuirling mé ar an saol mar a bhí.

I m'aigne, thaistil mé siar na blianta
Nuair a d'aimsigh mé san áiléar faoi dhíon an tí
Grianghraif sáite i mbosca le fiche bliain,
Cóipleabhair scoile le peannaireacht chruinn,
Bréagán dearmadta a briseadh fadó
Is an chéad leabhar riamh a léigh mé gan stró.

Ar an dréimire anuas bhí mé cúramach:
Thóg mé gach céim go réidh,
Thit an aois arís orm
Ach beidh na cuimhní agam go deo.

**Ceisteanna**

**1.** Cár thuirling an file sa chéad véarsa?

| | |
|---|---|
| Ar an saol mar atá | |
| Ar an saol mar a bhí | |
| Ar an urlár | |

**2.** Cén áit a raibh an t-áiléar?

| | |
|---|---|
| Faoi dhíon an tí | |
| Ar an urlár | |
| I mbosca | |

**3.** Cad a bhí sáite i mbosca san áiléar le fiche bliain?

| | |
|---|---|
| Cóipleabhair | |
| Leabhar | |
| Grianghraif | |

**4.** Cad a bhí san áiléar a briseadh fadó?

| | |
|---|---|
| Bréagán | |
| Dréimire | |
| Peann | |

**5.** Cad a thit ar an bhfile agus é ag teacht anuas ón áiléar?

______________________________________________________________

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (45 marc)

Freagair ceann **amháin** as na **ceithre** cinn seo a leanas:
4(a), 4(b), 5(a) **nó** 5(b)

Tá Ceist 4 (a) ar leathanach 14.
Tá Ceist 4 (b) ar leathanach 15.
Tá Ceist 5 (a) ar leathanach 16.
Tá Ceist 5 (b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.

Freagair ceann **amháin** as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4(a), 4(b), 5(a) **nó** 5(b).

**Ceist 4 (a)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**










Derval O'Rourke





| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cad a dhéanfar leis an airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**Ceist 4 (b)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**




Chaith tú féin agus do chairde seachtain i dteach saoire cois farraige.
Scríobh **litir** chuig do dheartháir / do dheirfiúr i gCeanada ag insint dó / di:

- Faoin bpóstaer don teach saoire a chonaic sibh (**dhá** phointe eolais) — Pictiúr 1
- Faoin teach saoire agus faoi na háiseanna sa teach (**dhá** phointe eolais) — Pictiúr 2
- Faoi na rudaí a rinne sibh gach lá (**dhá** rud) — Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a rinne sibh gach oíche (**dhá** rud) — Pictiúr 4

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

**LITIR**


**NÓ**

**Ceist 5 (a)** Féach ar an bpictiúr thíos. **(45 marc)**

Bhí **Beárbaiciú** sa bhaile agat le do chairde.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin mBeárbaiciú sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Beárbaiciú sa Bhaile**




**NÓ**

**Ceist 5 (b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos. **(45 marc)**

Tharla **an eachtra** seo nuair a bhí tú féin agus do chara san ionad siopadóireachta.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Ag siopadóireacht<br>Málaí | Go tobann<br>An madra | Siopa na bpeataí<br>An praghas | Sona sásta<br>Ag dul abhaile |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán